2026/2285

13.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2285 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1869 ([1]) lenar bunaíodh Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq).

(2) An 29 Aibreán 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1247 ([2]) lenar leasaíodh sainordú EUAM Iraq agus lenar cuireadh síneadh leis go dtí an 30 Aibreán 2026.

(3) An 21 Aibreán 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/902 ([3]) lenar cuireadh síniú 6 mhí le sainordú EUAM Iraq go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

(4) I gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUAM Iraq, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Meitheamh 2026 gur cheart sainordú EUAM Iraq a leasú agus síneadh a chur leis go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2028.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2017/1869 a leasú dá réir sin.

(6) Cuirfear EUAM Iraq i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Cuspóirí

Is é seo a leanas cuspóir straitéiseach EUAM Iraq:

1. tacú le cur chun feidhme na Straitéise Slándála Náisiúnta trí chomhairle agus cúnamh straitéiseach spriocdhírithe a chur ar fáil d'údaráis ábhartha na hIaráice, lena n-áirítear an tAire Gnóthaí Baile agus an Comhairleoir Slándála Náisiúnta. Sa chomhthéacs seo, tacóidh EUAM Iraq lena chontrapháirtithe ábhartha Iarácacha chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht eagraithe, ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach, mar chuid den Straitéis Slándála Náisiúnta a chur chun feidhme i gcomhréir leis an smacht reachta, le cearta an duine, le comhionannas inscne, agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta;

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 266, 17.10.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1869/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1247 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L, 2024/1247, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1247/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2026/902 ón gComhairle an 21 Aibreán 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L, 2026/902, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/902/oj).

2. rannchuidiú le feabhas a chur ar an gcomhordú idir údaráis na hIaráice, na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, rannchuidiú le comhleanúnachas, comhordú agus comhlántacht ghníomhaíocht an Aontais agus ghníomhaíochtaí na mBallstát, chomh maith le comhordú ghníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun tacú le hathchóiriú earnáil slándála na hIaráice. Chuige sin, féadfaidh EUAM Iraq, i gcás inarb iomchuí, tuilleadh forbartha a dhéanamh mar ardán chun soláthar tacaíochta don Iaráic ó na Ballstáit agus ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a éascú, agus sainaithneoidh sé roghanna inmharthana chun cúraimí an Mhisin a aistriú de réir a chéile chuig gníomhaithe institiúideacha eile.'.

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'1. Is é an Stiúrthóir Bainistíochta den Cheanncheathrú Oibríochtaí Sibhialtacha a bheidh ina Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha ar EUAM Iraq. Beidh an Ceanncheathrú Oibríochtaí Sibhialtacha ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun EUAM Iraq a phleanáil agus a chur i gcrích.'.

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Eiseoidh an Ceann Misin treoracha maidir le cur i gcrích éifeachtach EUAM Iraq ar an láthair, agus comhordú agus bainistiú laethúil an mhisin á nglacadh air nó uirthi féin, de réir threoracha an Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(1):

'1. Faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil ar EUAM Iraq agus tabharfaidh sé treoir straitéiseach dó. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh chun na críche sin i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 CAE. Áireofar san údarú sin an chumhacht chun Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ón Ardionadaí, agus an chumhacht chun an Plean Oibríochtaí (OPLAN) a leasú. Leanfaidh na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí agus foirceannadh EUAM Iraq de bheith dílsithe don Chomhairle. Foilseofar na cinntí a dhéanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála maidir le ceapadh an Chinn Misin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.';

(5) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 go 4:

'2. Beidh an Ceann Misin freagrach as an dualgas cúraim in EUAM Iraq a chomhall agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais is infheidhme maidir le EUAM Iraq, i gcomhréir leis an mBeartas Slándála agus Dualgais Cúraim do Mhisin Shibhialtacha CBSC, agus lena ionstraimí tacaíochta.

3. Tabharfaidh Ceann Slándála agus Sláinte cúnamh don Cheann Misin, agus tuairisceoidh sé nó sí don Cheann Misin agus coinneoidh sé nó sí dlúthchaidreamh feidhmiúil ar bun leis an gCeanncheathrú Oibríochtaí Sibhialtacha.

4. Cuirfear oiliúint slándála éigeantach ar phearsanra EUAM sula rachaidh siad i mbun a ndualgas, i gcomhréir le OPLAN. Gheobhaidh siad oiliúint athnuachana rialta ar láthair na n-oibríochtaí freisin, rud a eagróidh Ceann na Slándála agus na Sláinte.'.

(6) in Airteagal 14(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas mar an fhomhír leathdheireanach:

'Is é EUR 63 721 773,49 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Iraq a chumhdach sa tréimhse ón 1 Samhain 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2028.'.

(7) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm aige go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2028.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS